

Ag treorú agus ag tacú le hathruithe sna scoileanna

Plépháipéar

Clár Ábhar

Réamhrá 5

Prionsabail athruithe 6

An CNCM agus athruithe 7

Páipéar na n-athruithe 9

Prionsabail a threoraíonn agus a thacaíonn le hathruithe 10

Próiseas na n-athruithe 10

Múinteoirí ag croílár na n-athruithe 16

An CNCM agus gnéithe a bhaineann le hathruithe ó thaobh polasaithe de 18

Ag déanamh éascaíochta ar an bpróiseas chun athruithe a threorú agus chun tacú leo 20

Réamhrá

Tháinig ann don phlépháipéar seo ar *Treorú agus Tacú le hAthruithe i Scoileanna* tar éis plé a rinne an Chomhairle i 2008 ar chur i bhfeidhm athruithe curaclaim sa chóras oideachais. Le linn an phlé sin léiríodh imní maidir leis an gcaoi a dtarlaíonn forbairt curaclaim agus measúnachta agus a gcur i bhfeidhm sa chóras oideachais chomh maith leis an ról a bhíonn ag an CNCM i dtaca le hathruithe oideachais a threorú agus tacú leo sa chomhthéacs seo.

D'éirigh ceisteanna áirithe maidir leis an achar ama a thóg sé chun curaclam nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach sna scoileanna, leis an méid acmhainní a cuireadh ar fáil don phróiseas agus, ar bhonn níos ginearálta, leis an easpa pleanála agus machnaimh a braitheadh i leith athruithe a threorú agus tacú leo. Ardaíodh ceisteanna chomh maith maidir leis na heiseamláirí atá in úsáid faoi láthair i dtreo athruithe a chur i bhfeidhm: cé chomh héifeachtach agus a bhí siad ó thaobh fíorathruithe atá buanmharthanach i múineadh, i bhfoghlaim, i gcultúr agus in eagrú scoileanna?

Spreagadh an diancheistiú seo ag torthaí taighde a bhaineann le cur i bhfeidhm an Churaclaim Bunscoile, taighde ERSI ar thaithí daltaí in oideachas iarbhunscoile agus na comhairliúcháin fhorleathana phoiblí a tionóladh dírithe ar na forbairtí sa tsraith shinsearach. Léiríodh amhras sna comhairliúcháin seo ar fad i dtaobh na ceiste más amhlaidh gur athmhúnlaigh *na hathruithe ar fad* a rinneadh an t-eispéireas oideachasúil sna seomraí ranga i ndáiríre.

Ar na mallaibh, agus na scoileanna ag fulaingt ó chiorruithe ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil dóibh mar gheall ar an meathlú geilleagrach táthar den tuairim gur gá machnamh nua a dhéanamh ar athruithe agus an machnamh seo bheith i dtiúin go mór leis an bhfíor-chomhshaol ina bhfuil scoileanna ag feidhmiú má tá athruithe curaclaim agus measúnachta le forbairt a dhéanamh sna blianta atá amach romhainn.

Ar na cúiseanna seo ar fad, bheartaigh an Chomhairle ar phlépháipéar a ullmhú ina ndéanfaí iarracht an suíomh ina bhfuiltear i láthair na huaire a chur san áireamh chomh maith le féidearthachtaí a leagan amach chun cur chuige éagsúil a bheith ann sa todhchaí. Socraíodh freisin go mbeadh páipéar mar seo ina ábhar comhairliúcháin sa

bhliain 2009 agus go mbeadh príomhról aige i bhforbairt an chéad phlean straitéisigh eile.

Ón tús amach tá sé tábhachtach suntas a dhéanamh de go bhfuil an páipéar ag tagairt d'athruithe i dtéarmaí measartha ginearálta, i dtreo dul chun cinn go ginearálta, mar phróiseas atá leanúnach i dtreo réalú físe agus spriocanna a chuireann caighdeán ard oideachais ar fáil do gach duine. San áireamh sa dearcadh ginearálta seo ar athruithe tá athruithe atá beartaithe a éiríonn as tionscnaimh ar pholasaí náisiúnta. Is gné amháin é athruithe a bheartaítear ar bhonn náisiúnta d'athruithe taobh leis na foinsí eile ar fad d'athruithe a bheartaítear agus d'athruithe nach mbeartaítear ar gá do scoileanna a chur san áireamh agus iad ag smaoineamh ar agus ag déileáil le hathruithe mar chuid lárnach dá ndéanann siad.

Is fiú suntas a dhéanamh de freisin go bhfuil an páipéar seo á eisiú chun comhairliúcháin ag am a bhfuil meathlú geilleagrach ann agus meanma lag go leor ina measc siúd atá ag obair san oideachas agus i réimsí eile, léirithe ann go neamhbhalbh, tá an tuiscint agus an dóchas don dul chun cinn a bhraitheann an CNCM ó bheith ag obair le scoileanna agus leis na páirtithe ar fad i saol an oideachais. Bunaítear an dearcadh i dtreo athruithe ar an soirbheachas agus ar an gcreideamh go gcuirfidh scoileanna, in ainneoin na ndeacrachtaí atá rompu, go díreach le cumas an chéad ghlúin eile d'fhoghlaimeoirí chun aghaidh a thabhairt ar agus máistreacht a fháil ar dhúshláin na todhchaí.

Prionsbail na n-athruithe

In ionad, mar shampla, tosú le hanailís uileghabhálach ar na heiseamláirí um chur i bhfeidhm a bhíodh ann agus atá ann, leagtar amach sa pháipéar roinnt prionsabal taobh thiar de mhachnamh agus obair na Comhairle ar threorú agus ar thacú le hathruithe i scoileanna. Is féidir leis na prionsabail seo cur leis an eolas maidir le plé ar athruithe laistigh den chóras níos leithne oideachais ach, ar bhonn níos dírí, cuireann siad le agus treoraíonn siad machnamh na CNCM nuair a bhíonn comhairle á tabhairt amach ar phróiseas na n-athruithe agus na tacaíochta atá ag teastáil le curaclam nó le forbairt measúnachta áirithe sna scoileanna. Tá géarghá le prionsabail láidre oibre a bhunú sa réimse seo agus tá na cinn atá á leagan amach anseo ag tarraingt ar ar

foghlaimíodh agus ar ar braitheadh ó bheith bainteach le cur chuige agus le heiseamláirí um chur i bhfeidhm le blianta beaga anuas.

Léiríonn na prionsabail roinnt treochtaí sa mhachnamh ar athruithe a threorú agus tacú leo sna scoileanna, treochtaí a d'éirigh as obair na CNCM agus ó ghrúpaí eile ar na mallaibh. San áireamh anseo tá obair a rinne an CNCM go díreach leis na scoileanna agus le gréasáin scoile. Ag leibhéal na luath-óige bhí taighde ar fhoghlaim luath agus ar fhorbairt páistí i gceist in obair ar shuímh agus é seo a úsáid chun cur le heolas ar fhorbairt *na Creatlaí don Luathfhoghlaim.* Ag leibhéal an bhunoideachais, tá an obair a rinneadh le scoileanna i ndiaidh díriú ar fhorbairt comhairle agus acmhainní chun tuairisc a chur ar fáil do thuismitheoirí, agus ar thaighde agus athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile.

Ag leibhéal an iarbhunoideachais, dhírigh obair a rinneadh le réimse múinteoirí ranga agus scoileanna ar an gcaoi ar féidir le measúnú ar fhoghlaim i dtionscnamh amháin agus ar shainscileanna i dtionsnamh eile bheith lonnaithe go héifeachtach i múineadh agus i bhfoghlaim laethúil sna seomraí ranga. Tá roinnt scoileanna gréasán i ndiaidh baint dhíreach bheith acu le forbairt curaclaim trí aonaid trasdula. Tá roinnt scoileanna eile a raibh baint acu le díriú ar fhorbairt próifíleanna foghlama solúbtha nó ar fhorbairt cláracha oideachais i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste oideachais agus eile.

Chomh maith leis sin, chabhraigh an obair a rinneadh go díreach le scoileanna le próiseis comhairliúcháin a fhorbairt, ní amháin ó thaobh forbairt curaclaim agus measúnachta de ach ó thaobh ceisteanna um chur i bhfeidhm: an chaoi a rachadh scoileanna i ngleic le gné áirithe d'athruithe dá dtabharfaí isteach é? Tá an obair seo le scoileanna á threorú ag taighde idirnáisiúnta agus ag machnamh ar chineál an athraithe oideachais agus an ról lárnach atá ag múínteoirí agus ag scoileanna sna hathruithe seo. Dá réir, bhí go leor spéise léirithe i measc lucht an taighde agus i measc lucht déanta polasaithe oideachais i dtíortha eile in obair na CNCM sa chomhthéacs seo.

An CNCM agus athruithe

Is féidir príomhobair na CNCM a mheas mar obair a bhaineann leis an gceithre chuid d'fhorbairt curaclaim agus measúnachta, comhairliúchán, tacaíocht agus athruithe. Is féidir achoimre a dhéanamh ar an gclaonadh i machnamh na CNCM le déanaí mar seo a leanas.

> **Forbairt** sa churaclam agus sa mheasúnacht. Is féidir seo a bhaint amach trí bheith ag obair le coistí agus go díreach le scoileanna, agus an próiseas á chur ar an eolas ó thorthaí taighde agus iarbhreithniú ar chleachtadh.
>
> **Comhairliúchán:** is féidir breathnú air seo ar bhonn leanúnach, idir comhairliúchán mór forleathan go comhairliúcháin éagsúla, ilchineálacha , saincheaptha.
>
> **Tacaíocht** don múineadh, don fhoghlaim, do phleanáil curaclaim agus forbairt curaclaim. Is féidir le tacaíocht den chineál seo feidhmiú taobh amuigh de na treoirlínte agus bheith ann ó thaobh tacaíochta ar líne agus GNÍOMHAITHE[1] de.
>
> Is féidir le comhairle ar chur i bhfeidhm agus ar **athruithe** bogadh i bhfad níos cóngaraí dá chéile idir riachtanais na bpolasaithe náisiúnta agus tionscnaimh agus an cás é féin agus bunriachtanais scoileanna mar ionaid fhoghlama agus athruithe.

B'fhéidir go léiríonn *Project Maths* cuid den mhachnamh seo ar threorú athruithe agus ar thacú leo ar bhonn comhaontaithe agus comhleanúnach san áit a raibh baint dhíreach ag scoileanna ón tús amach le forbairt curaclaim agus measúnachta, le próiseis leanúnacha comhairliúcháin, le tacaíocht ghairmiúil a spreagadh agus a thabhairt, agus leis na hathruithe a chur i bhfeidhm ag an am céanna. Ar bhealaí, is féidir breathnú ar *Project Maths* mar chéad iarracht chun coincheap um 'chur i bhfeidhm athruithe' a chur ar leataobh agus an cur chuige ar 'threorú agus tacú athruithe i scoileanna' a chur ina áit. Chomh maith leis sin léiríonn sé an chéad tagairt

1

do ról nua don CNCM i bpróiseas an athraithe agus caidrimh úrnua idir an Chomhairle agus na scoileanna agus idir scoileanna agus próiseas na n-athruithe.

Sa réimse is leithne de, is é atá i gceist anseo ná bealach éagsúil le breathnú ar dhéanamh polasaithe agus athrú oideachasúil a spreagadh. Bhí béim láidir á chur ag Comhdháil de chuid ECFE ar *Schooling for Tomorrow* ar bhaint bheith ag eagraíochtaí náisiúnta ar nós na CNCM i ndéanamh polasaithe ar an mórchuid mar *thomhas agus cumacht a thabhairt* i dtreo athruithe. Ón gcur chuige seo, ba cheart dóibh siúd a bhfuil baint acu le hathrú ar bhonn an chórais leathain gan bheith chomh himníoch sin faoi theacht ar an 'réiteach' cinnte agus é seo a dháileadh go háitiúil chun go 'gcuirfí i bhfeidhm' é. Ba cheart dóibh bheith ag iarraidh na ceisteanna is tábhachtaí a bhaineann leis an gcóras a ardú, ag tarraingt airde ar a chastacht is atá na ceisteanna céanna agus ar an ngá atá le hiolréitigh, réitigh atá níos saincheaptha agus ansin na daoine atá ag obair ar na dúshláin a spreagadh chun teacht ar réitigh. Sa chomhthéacs seo meastar áisíneachtaí ar nós na CNCM mar éascaitheoirí, mar lucht tacaíochta agus mar dhream a spreagann comhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn roimh scoileanna ar bhonn laethúil.

Is cuid lárnach é den scagadh atá le déanamh ar na ceisteanna atá faoi chaibidil agus iad siúd a spreagadh atá in ann réiteach a aithint is ea an chaoi a ndéantar an t-eolas a ghintear sa phróiseas a bhainistiú. I gcás a ndéantar níos mó freagrachta agus acmhainní a dhéabhlóidiú chuig scoileanna tá sé riachtanach go mbíonn córais *bhainistiú eolais* ina n-áit chun cabhrú leis an bpróiseas athraithe agus forbartha. Mar chuid den bhainistiú eolais tá, mar shampla, cumarsáid shoiléir faoi athruithe agus soláthar eolais ar athruithe. Tá úsáid fhorleathan le baint as measúnú agus taighde oideachasúil agus na torthaí a éiríonn astu siúd le heolas a sholáthar maidir le scagadh lucht déanta na bpolasaithe agus obair na scoileanna atá le treorú. Beidh spreagadh gréasán, cleachtais pobal, ionaid nuálaíochta chomh maith le cineálacha eile d'fhorbairt ghairmiúil i gceist chun an fhoghlaim is tábhachtaí a bhainistiú agus a chinntiú ina measc siúd ar fad atá i gceist. I gceist anseo tá cuid mhór meastúcháin agus taighde oideachasúil agus mar thoradh orthu seo baileofar eolas a chabhróidh leis an fhiosrú atá le déanamh ag lucht déanta polasaithe chomh maith le hobair na scoileanna atáthar ag díriú orthu. Spreagann sé daoine chun gréasáin caidreamh a dhéanamh, pobail cleachtais, ionaid tionscnaimh chomh maithe le cineálacha éagsúla

d'fhorbairt gairimiúil mar fheithicil chun bainistiú agus fíorú a dhéanamh ar an bhfoghlaim is tábhachtaí atá ar siúl ina measc siúd ar fad a bhfuil baint acu leis. Meabhraítar Tionscnamh Mata mar thionscnamh a bhfuil sé bainistiú eolais a bhailítear ó gach duine rannphárteach ann riachtanach le dul chun cinnn a dhéanamh.

Is léir gur gá breathnú ar scoileanna, níos mó ná riamh, mar príomhláthair na n-athruithe sa dearcadh seo ar athruithe, áit a bhfuil an chuid is mó de na hacmhainní atá ar fáil le cur i bhfeidhm agus áit ar cheart níos mó neamhspleáchais bheith ann maidir le cinnidh atá le déanamh a bhaineann le hathruithe. Cé gur féidir le córais oideachais ar an iomlán bheith measartha traidisiúnta, solúbtha agus breisíoch sa chur chuige i dtreo athruithe is minic gur gá do scoileanna agus gur féidir leo bheith an-nuálach sa chomhthéacs seo. Is dea-shampla é an obair a dhéanann scoileanna iar-bhunoideachais ar Próifíleanna Solúbtha Foghlama a fhorbairt agus an obair a dhéanann bunscoileanna ar Theimpléid Cártaí Tuairisce. Laistigh de na scoileanna ba cheart an tábhacht is mó a chur ar an gcaoi a léirítear athruithe i gcaighdeán agus i gcleachtas na múinteoireachta agus an fhoghlama agus sna cineálacha ceannaireachta ar fud na scoile a spreagann agus a thacaíonn le hathruithe.

Páipéar na n-athruithe

Go nuige seo ba pháipéar inmheánach CNCM é an páipéar seo ar *Threorú agus Tacú le hAthruithe i Scoileanna* a forbraíodh chun tacú le plé de chuid na Comhairle faoi athruithe oideachais agus faoi mhachnamh fheidhmeannach na CNCM ar athrú curaclaim agus measúnachta. B'fhéidir go bhfuil úsáid níos forleithne aige mar fheithicil chun dul i gcomhairle agus plé a dhéanamh, go háirithe i gcomhthéacs ár linne sa mheathlú geilleagrach agus in athdhéanamh na hearnála poiblí áit a bhfuil scoileanna faoi réir ag timpeallacht dhúshlánach atá ag athrú ar bhonn an-tapaidh agus nuair is dóiche go n-amharcfar ar bhealaí éagsúla ann chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí oideachais. Tá iarracht déanta sa pháipéar seo chun an plé ar athruithe a shuíomh sa chomhthéacs seo.

Sa chéad chuid den pháipéar leagtar amach roinnt prionsabal atá mar bhunús le treorú athruithe agus tacú leo san oideachas. Tá siad ...., sealadach agus cuirtear i láthair iad

chun breis plé agus forbartha a dhéanamh orthu. Sa dara cuid den bpáipéar, atá trialach agus sealadach agus dírítear ar an bpríomhcheist ag cuimhiú ar na prionsabail seo maidir le straitéisí a bhaineann leis an bpróiseas chun athruithe a threorú agus chun tacú leo agus an bealach is fearr chun seo a éascú sa chóras oideachais. I bhfocail eile, breathnaíonn sé ar cad atá i gceist chun coinníollacha a chruthú áit ar féidir leis na cineálacha athruithe a mholtar tarlú.

Ar an gcaoi seo, tosaíonn an dara cuid de ar iniúchadh a dhéanamh ar na próisis, na rólanna agus na caidrimh atá ag teastáil ar fud an chórais oideachais chun athrú domhain agus leanúnach a chothú sna scoileanna agus, os rud é gur uainn an páipéar seo, an ról is féidir leis agus ar cheart don CNCM bheith aige sa mhéid seo.

Prionsabail a threoraíonn agus a thacaíonn le hathruithe

Imlíntítear anseo thíos roinnt prionsabal ar cheart a thabhairt san áireamh agus muid ag pleanáil athruithe, agus i ndéantús polasaithe atá dírithe ar athruithe a bhaint amach agus i bpróiseas chur i bhfeidhm athruithe. Tá prionsabail ghinearálta ann,agus fiú nuair a thagann siad salach ar a chéile ní bhíonn deireadh leo. Is cosúil go dtiteann siad go compordach isteach i dtrí chatagóir: iad siúd a bhaineann leis an bpróiseas chun athruithe a chur i bhfeidhm; iad siúd a bhaineann le múinteoirí mar ghníomhaithe riachtanacha i leith athruithe; agus, ar deireadh, iad siúd a bhaineann leis na diminsin níos leithne córais agus polasaithe athruithe.

Próiseas na n-athruithe

Soiléire a bhaint amach ar aidhm agus ar chuspóir na n-athruithe

Is príomhfhachtóir i gcur i bhfeidhm athruithe í soiléireacht na haidhme. Caithfear an réasúnaíocht do na hathruithe, na prionsabail a bhaineann leis an athrú agus an rún chun athraithe bheith ráite go soiléir, bheith roinnte agus intuigthe ag gach duine a bhaineann leis. Glacann an próiseas am chun soiléireacht a bhaint amach chomh maith leis an mothú go bhfuil comhsprioc ann agus baineann seo le gach duine atá páirteach sna hathruithe. Anuas air sin caithfear dul sa tóir ar shoiléireacht an rúin ón tús amach agus de réir mar a théann sé tríd athbhreithiú phróiseas na n-athruithe. Os rud é gur próiseas atriallach é athruithe caithfear ciall na n-athruithe a athmheas go rialta agus soiléireacht a fháil air nó é a athrá de réir mar a leanann próiseas na n-athruithe ar aghaidh.

Is rud amháin é bheith soiléir maidir leis an smaoineamh agus rún chun athruithe. Ach caithfear an tsoiléireacht sin a chur in iúl go héifeachtach le agus ag gach duine a bhaineann leis. Uaireanta is féidir le rúin shoiléire bheith doiléir nó gan bheith léite i gceart nó bheith intuigthe ar bhealaí éagsúla nuair a bhíonn caighdeán, modh agus meán na cumarsáide go holc. Fiú nuair a bhíonn an chumarsáid ar ardchaighdeán is féidir rúin bheith tuigthe ar bhealach mícheart de bharr droch--iarthaithí ar athruithe. Ní hionann i gcónaí an méid a deirtear agus an méid a chluintear.

Caithfear an rún a shoiléiriú agus bheith intuigthe ag an réimse leibhéal agus sna réimsí a bhfuiltear ag súil leis tionchar bheith aige orthu. Cén cineál athruithe a bhfuiltear ag dúil leo maidir le múineadh agus foghlaim? An bhfuil sé i gceist go n-athróidh gnéithe áirithe den scoil mar thimpeallacht foghlama nó mar eagraíocht foghlama? Cén chaoi a mbítear ag dúil le go n-athróidh taithí an oideachais don fhoghlaimeoir agus don duine gairmiúil atá ag foghlaim? Cén chaoi a gcuirfidh na hathruithe leis an gcomhthéacs níos forleithne i saol daoine agus mar athruithe sochaí, má chuirfidh siad leo ar chor ar bith?

Mar sin de, tá géarghá le soiléireacht rúin agus síor-iarbhreithniú ar na rúin sin dóibh siúd a bhaineann leis na hathruithe agus do gach gné den athrú, den phleanáil, d'acmhainní a chur ar fáil agus measúnú a dhéanamh ar na hathruithe. Tá sé tábhachtach freisin a aithint gur minic a chuirtear in éadan rúin a bhaineann le hathruithe ar bhonn ídéolaíoch agus ar bhonn polaitiúil.

Tarlaíonn athruithe an t-am ar fad

Is é an seachmall mór a chuireann bac ar chur i bhfeidhm lárnaithe athruithe oideachais an tuairim gur féidir smacht a chur ar athruithe, gur féidir é a thomhas go beacht, gur samhail é an t-athrú den rud a chuirtear isteach agus an toradh a éiríonn as. Is é a mhalairt atá fíor. Is iomaí cineál d'athruithe oideachais atá ann agus tá sé ag tarlú cheana féin an t-am ar fad. Tá beatha daltaí, múinteoirí, gan trácht ar scoileanna mar eagraíochtaí á n-athrú ag domhandú, ag teicneolaíocht, ag institiúidí sochaí atá ag athrú agus ag an ré eacnamaíoch agus polaitiúil atá ann i láthair na huaire. Bíonn athruithe i gcónaí ann ag leibhéal chuid mhór de na caidrimh laethúla foghlama a thiteann amach i ngach scoil. Is cuid é an t-athrú de rithim agus beocht an tseomra ranga agus na scoile. Nuair a thugtar sainrún chun athraithe os comhair na múinteoirí agus na scoileanna téann seo leis an sruth leanúnach athruithe, bíonn tionchar aige sin air agus imríonn sé tionchar air freisin. Cuirtear é lenar súdh isteach ó thionscnaimh athruithe a bhíodh ann roimhe seo agus lenar fágadh ina ndiaidh. I bhfocail eile, is cuid é de sheandálaíocht ar athruithe a tharlaíonn agus múnlaíonn sé seo scoileanna agus iad siúd a bhíonn ag obair agus ag foghlaim iontu.

Ba cheart don tuiscint seo ar athruithe mar atá siad ag tarlú i láthair na huaire, iad coimpléacsach, líofa, tógtha anuas ar thréimhsí eile d'athruithe ar cheart dóibh eolas a sholáthar d'aon chineál pleanála nó straitéisí i réimse na n-athruithe oideachais. Is amhlaidh is cóngaraí ár dtuiscint ar na cineálacha athruithe atá ag tarlú leis na daltaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna is amhlaidh is mó an seans atá ann go n-éireoidh leis an sainathrú a bhaint amach. Ba cheart go gciallódh sé go ndéanfaí deabhreithiúnas i méid agus scála na n-athruithe sainiúla atá i gceist a moladh nuair is eol go dtéann sainathrú curaclaim agus measúnachtai isteach le réimse níos leithne de shainathruithe leanúnacha.

Glacann sé am le hathruithe doimhne a bhaint amach

I dtaobh athruithe san oideachas de ceaptar go coitianta go dtarlóidh sainathrú a luaithe agus a thógtar isteach é agus a dtugtar tacaíocht dó ar bhealach éigin. Ach glacann sé am fíorathrú, athrú oideachasúil atá domhain agus a mhaireann, a bhaint amach. Seo mar gheall go mbaineann an chuid is mó den fhíorathrú leis an gcaoi a dtarlaíonn múineadh agus foghlaim nó le hathrú an chultúir sna scoileanna mar ionaid fhoghlama agus eagraíochtaí - ag athrú an chaoi a ndéantar rudaí! Leis an gcineál seo d'athrú domhain a fhíorú bíonn daoine gairmiúla i gceist agus iad i ngleic le creidimh bhunúsacha, le dearcaidh agus nósanna agus ag athrú cleachtais ar bhonn taithí. Is dócha nach dtuigtear go díreach an oiread ama atá i gceist sa phróiseas seo, na cineálacha dinímicí chun na hathruithe atá i gceist agus na coinníollacha atá ag teastáil le tacú leis an gcineál seo d'athrú domhain. Ar bhealach éigin, tá seo ina iardhearcadh ar chomhshaol déantús polasaithe agus bainistíochta, áit ar gnáthrud é spriocanna gearrthéarma, ar furasta iad a mheas a leagan síos in ionad próiseis fhadtéarmacha thrédhearcacha.

Blonn infheistíocht ag teastáil chun domhainathrú a bhaint amach

Tá an bealach chun teacht ar leibhéil chuí acmhainní agus maoinithe ina chuid lárnach d'athruithe domhain agus buanmhartha a bhaint amach. Bíonn ról tábhachtach ag acmhainní chun daoine a spreagadh agus a ghríosadh i dtreo dhul i ngleic le hathruithe. Ach bíonn siad níos lárnaí i bpróisis athruithe ná sin. Tá infheistíocht i ndaoine, sa timpeallacht foghlama, i ngnéithe de na scoileanna mar eagraíochtaí foghlama ina bhunchuid de ghluaiseacht i dtreo athruithe a spreagadh. Sa chomhthéacs a pléadh níba luaithe maidir le hiniúchadh agus cur i bhfeidhm agus i mbainistiú eolais go maith, ní féidir breathnú ar na hacmhainní atá ag teastáil dóibh siúd chun smaoineamh mar is ceart, chun athmhachnamh a dhéanamh, chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar an mbealach ann, chun triail a bhaint as, achun thbhreithniú a dhéanamh agus smaointí agus eispéiris a roinnt ach mar rudaí atá riachtanach.

Bíonn ceannaireacht i gceist le hathruithe

Ní haon taisme é go bhfuil an cheannaireacht féin i gceist i dteideal an phlépháipéir seo. Tá an focal 'oideachas' préamhaithe sa tuiscint ar 'treoraigh amach' agus i gceist ann in aon athrú oideachasúil tá ceannaireacht. Aontaíonn na tuairiscí ar thionscnaimh phíolóiteacha agus ar thionscnaimh um chur i bhfeidhm a foilsíodh le fiche bliain anuas in Éirinn d'aon ghuth go dtarlaíonn athruithe go héifeachtach nuair a thacaíonn iad siúd atá i gceannas leis, daoine ar nós príomhoidí scoile agus nuair is léir go bhfuil ceannaireacht ann ag gach leibhéal den tionscnamh. Tá sainacmhainneacht ag ceannaireacht dáilte ar scoileanna, nuair a thagann an cheannaireacht in aon ghné áirithe d'athrú ó fhoinsí éagsúla agus nuair a tharlaíonn an t-athrú tríd na gníomhaíochtaí a éiríonn as agus bíonn seo ar leas na scoileanna. Tá géarghá le ceannaireacht chun ciall a bhaint as athruithe agus chun smaoinimh a fhorbairt i leith athruithe le tógáil éifeachtach a dhéanamh ar chaidrimh phearsanta agus institiúideach i dtreo athruithe chomh maith le smaoineamh cruthaitheach agus nuálaíoch a spreagadh. chun seirbhísí éifeachtacha a bhunú i dtreo athruithe agus chun an chéad duine nó gréasán eile a ghríosú chun baint a bheith acu le hathrú chun athrú domhain agus inmharthanach a bhaint amach.

Caithfidh na straitéisí i dtreo athruithe bheith solúbtha

Tá dlúthbhaint ag an bprionsabal seo le cinn eile a bhaineann le próiseas na n-athruithe. Más gá próiseas na n-athruithe a shoiléiriú agus a roinnt, agus más gá straitéis áirithe chun athruithe eile atá ag tarlú an t-am ar fad a chur san áireamh agus a roinnt munar féidir le hathruithe doimhne tarlú ach thar amscála réasúnta fada agus é ag fás de réir a chéile le tacaíocht. Is léir mar sin gur gá d'aon straitéis i leith athruithe bheith solúbtha, tapaidh agus sofhreagrach. Caithfidh sé bheith solúbtha de bharr an oiread gníomhairí agus comhthéacasanna chun athruithe agus mar gheall gur annamh go bhfeileann aon chineál amháin gach rud i réimse na n-athruithe oideachais. Tá sé riachtanach bheith tuisceanach maidir le dinimicí athruithe ó thaobh solúbthacht den chineál seo ag leibhal na gairmiúlachta agus na scoile, bunús láidir fianaise a éascaíon cinnidh a dhéanamh, smaoineamh cruthaitheach agus samhailteach agus tuiscint roinnte ar phróiseas na n-athruithe.

Tá gastacht straitéisí maidir le hathruithe práinneach freisin mar go mbíonn scoileanna mar ionaid athruithe chomh difriúil sin óna chéile. Cé go bhfuil rudaí áirithe i gcoitinne ag roinnt scoileanna agus gá ann chun ardchaighdeán a chinntiú ar fud an chórais, tá

ciall leis an nath cainte nach ionann aon dá áit maidir le scoileanna de. I dtéarmaí inláimhsithe is féidir le scoileanna bheith an-difriúil óna chéile ó thaobh chineál na scoile, méid na scoile, acmhainní agus leibhéal maoinithe na scoile chomh maith leis na pobail a ndéanann siad freastal orthu, an struchtúr fisiciúil agus an timpeallacht thart orthu. Ar bhonn cultúrtha bíonn scoileanna éagsúil ó thaobh cé chomh réidh is atá siad chun athruithe, an t-éiteas a bhaineann leo chomh maith leis an gcineál ceannaireachta a bhíonn orthu agus an caighdeán a bhaineann leis, an stair atá taobh thiar díobh maidir le rannpháirtíocht sna hathruithe chomh maith le rudaí eile.

Smaoinigh ar éabhlóidiú agus ar thacú níos mó ná ar athrú

I gceist sa phrionsabal seo tá fócas de dhíth arís ar an méid ama atá ag teastáil chun athrú oideachais a bhaint amach. B'fhéidir go bhfuil sé cuí don phróiseas agus a chasta is a bhíonn sé smaoineamh ar mhúinteoirí mar dhaoine gairmiúla agus ar scoileanna mar áiteanna foghlama a dtugtar tacaíocht go leanúnach dóibh i bpróiseas an athraithe agus a dtagann éabhlóid orthu sna príomh-eilimintí a bhaineann le hathrú oideachasúil. B'fhéidir gur fearr an cur síos é seo ar an gcaoi a bhfuil rudaí i láthair na huaire, fiú ó thaobh díreach cur i bhfeidhm polasaí de meastar nach amhlaidh atá. Nuair a smaoinimis air ó thaobh na h*éabhlóide* de níos mó ná ó thaobh *athruithe* de is dócha nár cheart dúinn a mheas go mbeadh próiseas na héabhlóide éasca ar fad nó fiú ag gach cuid de. Is minic a bhíonn athruithe bacach, ag léimtchun tosaigh, ag dul ar gcúl, ag athrú treoracha agus ag gluaiseacht ar go leor bealaí. Ach ar an iomlán, i gcomhthéacs Gaelach, léirítear athruithe i gcleachtas múinteoireachta agus foghlama, athruithe i gcultúr agus in eagraíocht scoileanna agus athruithe i scoileanna mar institititiúidí trí éabhlóid, oiriúniú agus fás breisíoch i dtreo cineál áirithe athraithe in ionad é a thabhairt isteach go tobann ar mhórscála.

Tá soilsiú agus teas ag teastáil chun athruithe a chur i bhfeidhm

Is féidir le spreagadh i dtreo athruithe teacht ó fhoinsí éagsúla agus ó thuiscintí éagsúla ar na foinsí seo i measc múinteoirí agus daoine eile a bhfuil baint acu leis. Spreagtar daoine áirithe chun athraithe nuair a 'fheiceann siad an solas". Tá rud éigin ann san athrú a mholtar a spreagann an duine chun dul siar ar an rud a gcreideann siad ann, ar an rud a bhfuil bá acu leis, ar a ndéanann siad agus chun athrú go pearsanta agus go gairmiúil ar an mbunús ar ar léiríodh dóibh faoina ndéanann siad. I gcásanna eile is

féidir le brú áirithe bheith éifeachtach. Freagraíonn an duine agus an duine gairmiúil don ordú a mheasann siad féin bheith dosheachanta nó fíorthábhachtach ar nós athruithe i bpolasaí, i soláthar nó sa reachtaíocht. Idir sin nó déanann an t-athrú faoi leith freastal ar riachtanas a bhfuil géarghá leis nó ar dhúshlán atá ag teastáil go géar ón múinteoir nó ón scoil ag an am. I bhfocail eile is féidir leis an spreagadh chun dul i ngleic le hathruithe teacht de bharr cúrsaí inmheánacha agus seachtracha araon.

Caithfidh straitéisí i leith athruithe bheith deartha chun rannpháirtíocht a spreagadh

Is gá breathnú ar mhúinteoirí agus ar scoileanna mar níos mó ná díreach uirlisí ar mhaithe le daoine eile. Is laige é i straitéisí lárnacha maidir le cur i bhfeidhm athruithe é nach mbíonn páirt mór go leor ann ag na daoine úda a bheidh chun tosaigh i gcur i bhfeidhm na n-athruithe. Mar phríomhdhaoine a bhaineann le hathruithe polasaithe sna seomraí ranga agus sna scoileanna ba cheart go mbeadh dlúthbhaint ag múinteoirí agus ag bainistíocht scoileanna leis an bpróiseas chun polasaithe a fhorbairt. Caithfear straiéisí chun athruithe bheith níos oscailte agus bheith rannpháirteach i gcoitinne sa chaoi is gur féidir le gach duine a bhaineann leo ag leibhéal na scoileanna i gcomhthéacsanna sainiúla bheith páirteach i bplé agus machnamh lena chéile agus leis an bpobal níos leithne scoile maidir leis na rudaí a bhíonn fiúntach san fhoghlaim agus sa mhúineadh agus maidir leis an gcaoi ar féidir leasuithe a dhéanamh chomh maith le hathruithe a chur i bhfeidhm. I straitéisí chun athruithe a mbíonn rannpháirtíocht ann go fíreannach bíonn cinnidh polasaithe á ndéanamh acu siúd a chuirfidh iad i gcrích.

Ba cheart ardchaighdeán a bheith ag baint le hathruithe

I ngach gné den saol bíonn daoine gairmiúla ann freagrach as ardchaighdeán. Sa chaoi seo tá géarghá le hardchaighdeán maidir leis an machnamh a dhéantar ar chúrsaí oideachais agus ar athruithe i gcoitinne agus ar ghnéithe áirithe den athrú atá beartaithe chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm. Beidh baint dhíreach ag caighdeán na teoirice taobh thiar den fhorbairt chomh maith le caighdeán an taighde a thacaíonn leis agus caighdeán na cáipéisíochta a théann leis agus a dhéanann cur síos air agus caighdeán an phróisis ó thaobh plé agus comhairliúcháin de trína mbaintear amach

comhthuiscint agus caighdeán na n-acmhainní a thacaíonn go díreach leis an athrú féin. Déanfaidh múinteoirí agus scoileanna measúnú ar fhiúntas agus ar chumas na n-athruithe.

Múinteoirí ag croílár na n-athruithe

Múinteoirí mar phríomhghníomaithe na n-athruithe

Tá a fhios ag gach duine a oibríonn laistigh de chúrsaí oideachais an reitric gurb iad na múinteoirí an príomhdhream a chuireann athruithe i bhfeidhm. Is rud é seo a chreidtear go forleathan agus is í fírinne an scéil é. Ach níl ach roinnt fianaise ann go bhfuil próisis chur i bhfeidhm ina ndearadh agus ina gcleachtas bunaithe ar an bhfírinne seo. Is minic a chuireann na heiseamláir atá ann i láthair na huaire brú ar mhúinteoirí ó thaobh athruithe polasaithe de a ghintear ar bhonn náisiúnta. Is minic a bhíonn múinteoirí mar chineál de 'chuspóir' i dtáirgí um chur i bhfeidhm in ionad bheith mar 'ainmní' i bpróisis a bhaineann le hathrú oideachasúil. Is é an tuairim a bhíonn ag múinteoirí 'ar an talamh' gur minic a leagtar an clár oibre chun athraithe áit éigin eile agus go mbíonn tuairimí agus cúraimí na múinteoirí ag bun an liosta ó thaobh na bpríomh-rudaí ar cheart smaoineamh orthu. Ní féidir athrú mór cuimsitheach oideachais a chur i gcrích gan mhúinteoirí agus gan bhainistíocht scoile chomh maith leis an gcumarsáid eatarthu agus na caidrimh a bhíonn acu leis an bhfoghlaimeoir. Caithfear an cineál seo athraithe a chur i bhfeidhm le múinteoirí, i bhfírinne, mar na príomh-ghníomhaithe chun athraithe.

Braitheann múinteoirí ionchais chontrártha agus bloghadh

Bíonn go leor dúshlán contrártha roimh mhúinteoirí, agus iad seo ag méadú de réir a chéile, maidir lena saol gairmiúil. Is féidir an-chuid difríochtaí bheith ann idir na tuairimí a bhíonn ag údaráis oideachais agus a mbíonn siad ag súil leis, ar an gcaoi chéanna bainistíocht na scoile, comhghleacaithe, tuismitheoirí agus daltaí ar an méid atá tábhachtach agus luachmhar agus is féidir freisin na difríochtaí seo a thabhairt faoi deara ó scoil go scoil, idir leibhéil éagsúla oideachais, idir pobail agus grúpaí soch-eacnamaíoch agus idir spéiseanna éagsúla sa tsochaí. Bionn an-difear ann sa chaoi a measann duine múinteoir 'maith', agus bíonn an-difear ann sa gcaoi a aithníonn agus a mheasann daoine an dul chun cinn agus an fhorbairt sa múineadh thar ghrúpaí agus

réimsí éagsúla ón chuid is ídéalaí go hoideachasúil go dtí an chuid is fóntaí ar an taobh eile. Is féidir an meas a bhíonn ar mhúinteoirí ag na leibhéil is luaithe d'oideachas bunscoile bheith an-difriúil uaidh sin a bhíonn amhlaidh ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

I gcur i bhfeidhm athruithe bíonn múinteoirí ag fulaingt de bharr cuid mhór bloghta. Is minic a bhíonn múinteoirí i scoileanna ag streachailt le go leor tionscnamh agus cúrsaí nua ag an am céanna. Bíonn imní orthu maidir le heasnaimh leanúnacha sa mhachnamh ar thacaíocht ghairmiúil. Is féidir leis bheith deacair teacht air agus dul i ngleic le hathruithe oideachasúla nuair nach léir i gcónaí na riachtanais a bhaineann leis na hathruithe agus an chaoi a dtéann sin lámh le láimh lena gcuid oibre mar dhaoine gairmiúla.

Bíonn ar mhúinteoirí, agus baineann deacrachtaí leis seo, dul i gcion a slí bheatha mar dhaoine gairmiúla i measc na gcineálacha éagsúla tréimhsí a bhíonn ann, an bloghadh seo. Is féidir an-chuid tionchair bheith ag rudaí éagsúla a mbítear ag súil leo agus bloghadh ar an bhfreagra a thugann múinteoirí do na hathruithe oideachasúla.

Bíonn athruithe pearsanta agus gairmiúil

Bíonn athruithe pearsanta agus gairmiúil do mhúinteoirí. Is féidir le cur i bhfeidhm athruithe a mhaireann sa mhúineadh agus san fhoghlaim creidimh láidre a athrú faoin saol agus faoin domhan, agus is féidir le gnáth-chleachtais laethúla a mhair le fada a athrú. Ar an gcaoi seo ní rud gairmiúil amháin é athruithe suntasacha a bhaint amach, ná ní cúis ghairmiúil a bhí ann a shocrú cad a mhúineadh ar an gcéad dul síos. Tá fianaise láidir taighde ann a chruthaíonn go mbunaítear cinnidh chun bheith i do mhúinteoir ar dhea-rún - is é sin chun cur le saol páistí agus daoine óga agus chun 'difear a dhéanamh' trí chumhacht claochlaithe an oideachais. B'fhéidir gurb é seo an cineál ruda a spreagann an ghairm ach tá siad an-phearsanta freisin. Tá mothálacht maidir leis an nasc idir an rud atá pearsanta agus an rud atá gairmiúil fíorthábhachtach maidir leis an dul chun cinn a dhéantar sna tionscnaimh i réimse na n-athruithe oideachasúla. Ba cheart go bhfreastlódh an tacaíocht ghairmiúil do mhúinteoirí i bpróiseas na n-athruithe chomh maith le freastal ar na gnéithe úda d'fhorbairt shóisialta a mbíonn dea-thoradh air go gairmiúil.

An CNCM agus rudaí a bhaineann le hathruithe ó thaobh polasaithe de

Ag baint leasa as lárnacht múinteoirí agus scoileanna i bproiséas na n-athruithe

Má bhaintear leas as an lárnacht seo ciallaíonn sé sin go mbíonn tús ceart ann d'fhoghlaimeoirí, do mhúinteoirí, do scoileanna agus dá bpobal chun machnamh a dhéanamh ar athruithe. Tugann sé seo breis neamhspleáchais do scoileanna chun an clár oibre chun athraithe a leagan síos ag leibhéal áitiúil. Ciallaíonn sé gur gá dóibh siúd a bhfuil baint níos dlúithe acu le hathrú a chur i bhfeidhm sa *phleanáil* chun gur féidir an t-athrú a bhaint amach agus an méid a bheidh i gceist chuige sin chomh maith le baint a bheith acu i *bpróiseas* na na-athruithe. Ciallaíonn sé freisin go gcaithfear bheith níos tuisceanaí maidir le diminicí athruithe don bhfoghlaimeoir, don múinteoir agus don scoil mar eagraíocht.

Le blianta beaga anuas chabhraigh teagmháil dhíreach idir an CNCM agus scoileanna chun teacht ar thuairimí múinteoirí agus scoileanna ar chuid mhór gnéithe d'athruithe curaclaim agus measúnachta. Tá géarghá leis an ionchur seo agus lena léiríonn sé, ní amháin i gcomhthéacs fhorbairt curaclaim, ach chun eisleamár éifeachtach a chur ar fáil chun athruithe a threorú agus chun tacú leo. Tá ardmheas ag na tionscnaimh ar fhiosrúcháin múinteoirí agus an léirmheas a thugann siad mar dhaoine a spreagann fíoreolas faoi na rudaí a n-éiríonn leo i múineadh agus i bhfoghlaim agus, mar sin de, thug siad múinteoirí agus a gcuid scoileanna isteach i réimse fhorbairt polasaithe agus athruithe sa churaclam agus sa mheasúnacht. Is gá obair leanúnach chun lárnacht múinteoirí chun athruithe a threorú agus chun tacú leo agus cuireann sé béim faoi leith ar thaighde agus ar chomhairliúchán maidir le hathruithe a threorú agus tacú leo.

Cuspóir roinnte i measc na ngníomhaithe eile chun athruithe

Nuair a aithnítear múinteoirí agus scoileanna mar na príomh-ghníomhaithe i dtreo athruithe ní hiad amháin a bhíonn gníomhach i dtreo athruithe. Is féidir breathnú ar

aon chineál athruithe mar rud a shíneann thar éagsúlacht leathan de ghníomhaithe, de shuímh agus de chomhthéacsanna agus de réir mar a shíneann siad amach is féidir ciall agus cineál na n-athruithe a athrú arís. Is minic a fheiceann múinteoirí agus scoileanna ar chur i bhfeidhm athruithe mar rud atá ilroinnte agus is minic a labhrann siad ar an tábhacht a bhaineann le machnamh soleanúnach maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm agus tacú leo. Léiríonn machnamh ar chórais na nascanna a bhíonn idir fochórais atá mar chuid de phróiseas athruithe, go háirithe nuair is léir go bhfuil caidrimh chasta i gceist leis na córais atá i gceist, is é sin córais oideachais, i meas gníomhaithe éagsúla na n-athruithe.

Uaidh sin is léir go mbíonn nascanna le tógáil orthu i dtreorú agus i dtacú le hathruithe agus caidrimh, comhthuiscintí agus rúin roinnte: go bunúsach, cuspóir comhroinnte a bheith idir na scairshealbhóirí agus na gníomhaithe chun athruithe ar fad atá i gceist. Bíonn cuspóir agus cur chuige comhroinnte i gceist chun athruithe móra a bhaint amach sa chineál gort atá anois ann in Éirinn maidir le cur i bhfeidhm athruithe oideachasúla, seirbhísí agus struchtúir thacaíochta san áireamh, idir Ionaid Oideachais, an Comhairle um Múineadh, an SEC, na réimsí cuí den DES agus den CNCM i measc eagraíochtai eile.

Próiseas athruithe a éascú agus tacú leis

Is í an phríomh-cheist a ardaítear nuair a aithnítear na prionsabail a pléadh ar ball ná an chaoi ar féidir leis na straitéisí a bhaineann le próiseas chun an bealach is fearr le hathruithe a threorú agus chun tacú leo i scoileanna a éascú ag gach duine a bhaineann leis? Ag tarraingt ar an dá phrionsabal deiridh a pléadh tá an chuid seo den pháipéar seo ann chun tús a chur le bheith ag breathnú ar na próisis, ar na rólanna agus ar na caidrimh thar an gcóras oideachais atá ag teastáil chun athruithe doimhne agus leanúnacha a éascú i scoileanna.

Arís glacadh leis an gcur chuige seo chun prionsabail áirithe a aithint le go ndéanfaí machnamh orthu. Cé gur féidir cur síos a dhéanamh ar na prionsabail a leagadh síos sa rannóg roimhe seo mar bhunús nó mar rudaí a *chuireann eolas ar fáil* i leith an phróisis chun athruithe a threorú agus chun tacú leo is dócha gur fearr cur síos ar na cinn atá sa rannóg seo mar phrionsabail oibre nó fiú mar *choinníollacha* a thacaíonn le hathruithe doimhne agus leanúnacha i scoileanna.

Prionsabail oibre

Fócas athruithe

Caithfear an príomh-fhócas ar threorú agus tacú le hathruithe i scoileanna agus in athrú agus in athbhreithniú oideachasúil a chur i bhfeidhm bheith bunaithe ar mhúineadh agus ar fhoghlaim, ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus i gceannaireacht i scoileanna. Is iad seo na gnéithe is gá agus na gnéithe athraithe chun athruithe oideachais a bhaint amach agus is leo seo is féidir an tionchar is suntasaí a dhéanamh. I gceist ann caithfear breathnú ar scoileanna mar ionad chun fiontraíochta agus chun foghlama agus cumhacht a thabhairt dóibh trí infheistíocht a dhéanamh iontu, trí thacú leo agus trí eolas a bhainistiú chun an ról sin a chur i gcrích. Ba cheart tosaíochtaí polasaithe agus straitéisí chun athraithe a threorú sa chomhthéacs seo.

Ba cheart béim a chur air, áfach, agus muid ag caint ar athrú, nach ag caint ar athrú atáimid ar mhaithe le hathrú. Leis na prionsabail a mhínítear sa pháipéar seo is é a bheidh i gceist ná leanúnachas a shníomh leis na hathruithe - teacht ar bhealaí chun

dul chun cinn a dhéanamh gan an iomarca brú a chur orthu siúd a mbaineann sé leo. In ionad dul ó thionscnamh nua go tionscnamh nua leagtar dúshraith chun dul i ngleic le hathruithe agus tógtar orthu seo de réir a chéile. Is dócha go mbunaítear an dúshraith ar chultúr chun foghlama a chothú i scoileanna san áit a bhfuil meas ar an bhfoghlaim dóibh siúd ar fad a bhaineann leis. Ar an gcaoi seo is é atá i gceist le hathruithe léargais agus straitéisí nua úsáideacha a imeascadh gan na rudaí maithe atá déanta cheana a chailliúint. I bhfocail eile, bíonn cur chuige nadúrtha, leanúnach ann in ionad gach athrú ag teacht anuas ar an bhfoghlaim a rinneadh go dtí seo.

Ag nascadh polaitíochta le polasaithe

Chun an fócas seo ar athruithe a threorú agus tacú leo agus scoileanna a mheas mar phríomh-shuímh don athrú caithfear dul i ngleic leis na próiseis pholaitiúla agus tá bunús soiléir sa pholasaí féin. Ba cheart go leagfadh tionscnaimh polasaithe agus polaitíochta síos an fhís agus na spriocanna agus cuid de na dúshláin a bhaineann leis an athrú atá i gceist. is féidir éagsúlacht tionscnamh a bheith i gceist san athrú a fhad agus a bhaineann siad le fís atá bunaithe ar pholasaithe agus ar spriocanna. Tugann bunús soiléir polasaithe treoir shoiléir, cumhacht agus spreagadh dóibh chun athruithe a chur i bhfeidhm sa treo sin. Cabhraíonn sé freisin chun comhordnú a dhéanamh ar ghníomhartha go leor cineálacha daoine agus eagraíochtaí. Cabhraíonn bunús soiléir treorach chun cinnidh a dhéanamh maidir le céard *nár* cheart a dhéanamh agus maidir le céard ba cheart a dhéanamh ar dtús.

Cuireann creatlach soiléir polasaithe agus machnaimh an bunús is fearr ar fáil chun straitéisí áirithe a thabhairt isteach i leith athruithe agus i dtreo ról na scoileanna sa chomhthéacs seo a mhéadú. Mar shampla, thabharfadh ráitis polasaithe soiléire i sainréimsí ar nós forbairt leanúnach gairmiúil múinteoirí, teangacha san oideachas, teicneolaíocht an eolais san oideachas agus i réimsí níos ginearálta ar nós cothromaíocht san oideachas, thabharfadh siad seo bunús láidir chun athruithe a threorú agus chun tacú leo sna scoileanna.

Plé ar oideachas a spreagadh

Is féidir le plé dáiríre poiblí maidir le hoideachas agus maidir le hoideachas ó thaobh ceisteanna níos leithne polaitíochta agus sóisialta de cur go mór le dea-choinníollacha

a chruthú chun athruithe a threorú agus chun tacú leo sna scoileanna. Má bhíonn níos mó plé ann ina measc siúd atá sáite i gcúrsaí oideachais agus le daoine eile nach bhfuil baint dhíreach acu le hoideachas beidh níos mó feasachta agus plé ar athruithe i scoileanna. Is gné riachtanach é seo chun cumarsáid agus iniúchadh a dhéanamh faoi athruithe agus is gné riachtanach é de bhainistiú eolais a bhaineann le hathruithe.

Cineálacha straitéisí

Caithfear fís agus nuálaíocht bheith ag baint le straitéisí chun athruithe a threorú agus chun tacú leo sna scoileanna chomh maith le heolas maith maidir leis an mbealach chun tosaigh agus tuiscint, mionphleanáil, príomhspriocanna aitheanta bheith aontaithe agus bainte amach. Caithfear cinnidh bheith bunaithe ar fhianaise agus measúnú. Is dóiche go mbainfidh straitéisí a bhunaítear thart ar na gnéithe seo tacaíocht ó na scoileanna maidir le hathruithe de.

Caithfear straitéisí bheith dírithe chomh maith ar bhainistiú chur in éadan athruithe, ag leibhéal na gcóras agus ag leibhéal na scoile. Maidir le tacú le hathruithe i scoileanna is féidir cur i leith athruithe a mheas mar chuid nadúrtha de phróiseas na n-athruithe agus mar chomhartha den dul chun cinn is féidir a dhéanamh. Nuair a bhíonn ar dhaoine aghaidh a thabhairt ar athruithe is iondúil go mbíonn siad ag iarraidh a dhéanamh amach an mbeidís in ann na hathruithe a láimhseáil, an mbeadh na hathruithe ar a leas agus an mbeadh siad féin spreagtha le dul i ngleic leo. I gceist sna straitéisí chun dul i ngleic le cur in éadan athruithe tá éascú le déanamh ar dhaoine aonaracha a thabhairt trí chéimeanna áirithe cosúil le bréagnú, cur in éadan, solúbthacht agus tiomantas. Is féidir seo a bhaint amach trí dhíriú ar chabhrú le daoine chun na scileanna cuí atá ag teastáil chun na hathruithe a chur i bhfeidhm agus trí spriocanna gearrthéarmacha a leagan amach dóibh siúd ar fad a bhaineann le próiseas na n-athruithe.

Infheistíocht in athruithe

Caithfidh straitéisí i dtreo athruithe atá préamhaithe i dtosaíochtaí polasaithe agus a mheallann tacaíocht phoiblí agus pholaitiúil, atá dea-phleanáilte agus forbartha, na hacmhainní cuí bheith acu. Cabhraíonn go leor infheistíochta, ar bhonn réadúil, in athruithe oideachais go mór le hathruithe a threorú agus tacú leo sna scoileanna. Chun

infheistíocht a dhéanamh in athruithe is gá freisin breathnú go géar ar an ról a bhíonn ag 'spreagadh' chun athruithe oideachais a ghríosú.

Is féidir na gnéithe sin d'athruithe a dhéantar a mheas mar thosaíochtaí, bíodh sin ar bhonn náisiúnta nó i scoileanna aonaracha, a spreagadh go mór trí dhreasacht. B'fhéidir nach ró-iontach a bhíonn an bealach chun athruithe ach coinnneofar an spreagadh i dtreo athruithe agus beidh na gnéithe d'athruithe atá i gceist ar ardleibhéal agus foilsithe mar sin. Cuirfidh sé seo breis luais le próiseas na n-athruithe.

Comhoibriú ar athruithe

Chun forbairt agus obair a dhéanamh ar straitéisí a thabharfaidh treoir agus tacaíocht d'athruithe i scoileanna beidh níos mó teagmhálacha agus comhoibrithe ann idir na háisíneachtaí agus na heagraíochtaí siúd, ar nós na CNCM, a chuireann le gineadh polasaithe oideachais agus a fhorbraíonn na bealaí agus na pleananna chun athruithe a chur i bhfeidhm agus a mbíonn baint níos mó acu de réir a chéile san obair ar fhorbairtí i gcomhpháirt leis na scoileanna.

Ba cheart an comhoibriú bheith bunaithe ar áisíneachtaí bheith bainteach le déanamh polasaithe agus ba cheart go mbeadh tacaíocht riachtanach chun na príomh-cheisteanna a iniúchadh agus go mbeadh scoileanna i ngleic leis na réimsí athruithe agus ag tacú leo trí dhul i ngleic leo go díreach agus trí bhainistiú eolais.

Cineálach athruithe a bhíonn ag éabhlóidiú

Ba cheart straitéisí a bhaineann le réimsí áirithe nó le gnéithe áirithe d'athruithe bheith dírithe go hiomlán ar an gcaoi a ndéantar athruithe a chur i bhfeidhm i múineadh agus i bhfoghlaim agus i saol scoileanna. Ba cheart a thuiscint nach bhfeileann gach cineál do gach éinne sa chomhthéacs seo. Is gá sraith cás a fhorbairt i gcomhpháirt leis na páirtnéirí oideachais agus le scoileanna a leagann síos agus atá mar eiseamláir de na féidearthachtaí chun athruithe.

D'fhéadfaí an sraith cás a bhunú ar leibhéil na n-acmhainní agus ar na céimeanna éagsúla ina bhfuil scoileanna maidir le bheith réidh nó ullmhaithe chun athruithe a threorú agus chun tacú leo. Ar an lámh eile, d'fhéadfaí an leanúnachas sna cásanna a

bhunú ar scála na n-athruithe atá i gceist agus d'fhéadfaí a mheas, mar shampla, an difear idir athrú i múineadh agus i bhfoghlaim in ábhar ar nós na matamaitice nó in ábhar sláinte, réimse cineálach curaclaim, a thabhairt isteach, nó athruithe ag leibhéal níos forleithne ar nós cláracha staidéir sa tsraith shinsearach.

D'fhéadfadh na cásanna seo bheith úsáideach do scoileanna chun cinnidh a dhéanamh faoin méid ba cheart tabhairt faoi agus do lucht déanta polasaithe chun pleanáil a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le linn phróiseas na n-athruithe.

Tagairtí Cúlra

Cé nach dtarraingíonn an plépháipéar go díreach ar shainfhoinsí, bhí tionchar ag léitheoireacht i réimse na n-athruithe oideachais ar nós na bhfoinsí seo thíosluaite.

Carr, W and Kemmis, S. (1986) *Becoming critical: education, knowledge and action.* London: Falmer Press

Fullan, R.W. (1993) *Change Forces: Probing the depths of educational reform.* London: The Falmer Press

Fullan, R.W. (2003) *Change Forces with a Vengeance.* Philadelphia: London: Routledge/Falmer

Goodson, I.F. and Hargreaves, A. Eds. (1996) *Teachers' Professional Lives.* London: Falmer Press

Hargreaves, A., Earl, L. and Ryan, J. (1996) *Schooling for Change: Reinventing Education for Early Adolescents.* London: Falmer Press

OECD/CERI. (2006) *Demand-Sensitive Schooling? Evidence and Issues.* Paris: OECD Publishing

OECD/CERI. (2006) *Personalizing Education.* Paris: OECD Publishing

OECD/CERI. (2008) *Trends Shaping Education.* Paris: OECD Publishing

OECD/CERI. (2009) *Innovating to Learn, Learning to Innovate.* Paris: OECD Publishing

OECD/CERI. (2008) *Trends Shaping Education.* Paris: OECD Publishing

Sugrue, C. Ed. (2004) *Curriculum and Ideology: Irish Experiences, International Perspectives.* Dublin: The Liffey Press

Various. (2007) *Learning Anew: Final Report of the Research and Development Project – Teaching and Learning for the 21st Century 2003-2007.* NUI Maynooth